



Ag cruinniú bliantúil ECOFIN-CSTE díríodh ar an bhfás eacnamaíoch agus ar an infheistíocht

Bhí a gcruinniú bliantúil ag airí eacnamaíochta agus airgeadais CSTE agus ECOFIN chun plé a dhéanamh ar ábhair leasa choitinn eacnamaíocha, airgeadais agus pholaitiúla. I gcomhthéacs an téarnaimh mheasartha eacnamaíoch san Eoraip, dhírigh siad sa phlé a bhí acu ar an straitéis beartais iomchuí chun fás eacnamaíoch agus fostaíocht a neartú, agus béim á leagan ar **bhorradh a chur faoi infheistíochtaí maolaithe** ar fud na mór-roinne.

“Bhí malartú tuairimí an-úsáideach againn lenár gcomhpháirtithe ón Íoslainn, ó Lichtinstéin, ón Iorua agus ón Eilvéis maidir leis an staid eacnamaíoch reatha agus an timpeallacht infheistíochta san Eoraip. Tá comhar dea-fheidhmiúil rithabhachtach don dá thaobh inár n-iarrachtaí chun fás eacnamaíoch a spreagadh agus borradh a chur faoi ghníomhaíocht infheistíochta, idir phoiblí agus phríobháideach, san Eoraip.”

Peter Kažimír, Aire Airgeadais na Slóvaice agus Uachtarán na Comhairle

Ag aithint dóibh go bhfuil infheistíochtaí thíortha CSTE gar don leibhéal a bhí ann roimh thús na géarchéime, d’aithin na páirtithe tábhacht na mbeartas lena ndírítear ar bhorradh a chur faoi leibhéil infheistíochtaí san Eoraip. Sa réimse sin, chuir airí béim ar athchóirithe struchtúracha chun **feabhas a chur ar an táirgiúlacht** agus **bacainní ar an infheistíocht a bhaint**, ar **rialáil fhónta airgeadais** a dhíríonn ar choigiltis a threorú chuig tionscadail infheistíochta agus ar chur i gcrích **an mhargaidh aonair**. Measadh gur spreagadh tábhachtach ar iarrachtaí beartais den chineál sin é plean Infheistíochta an Aontais Eorpaigh don Eoraip.

D’aithin airí freisin an leibhéal suntasach idirspiléachais idir geilleagar an Aontais agus geilleagar CSTE. Mar gheall ar chor chun donais eacnamaíoch i ngrúpa tíortha amháin, d’fhéadfadh go mbeadh tionchar leantach láithreach ar áiteanna eile san Eoraip. Dá bhrí sin, ní fhéachann an tAontas agus CSTE ar a chéile mar “tríú tíortha” ach mar chomharsana leis na dúshláin agus tosaíochtaí eacnamaíocha céanna. Tugann Brexit spreagadh breise don chlár oibre sin.

Press office - General Secretariat of the Council of the EU

Rue de la Loi 175 - B-1048 BRUSSELS - Tel.: +32 (0)2 281 6319

press@consilium.europa.eu - www.consilium.europa.eu/press